Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Eanáir 2021
(OR. en)

5515/21

SOC 31
EMPL 22
EDUC 17

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Dréacht-CHINNEADH ón gCOMHAIRLE lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, don Danmhairg

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, don Danmhairg.

IARSCRÍBHINN

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de

Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75[1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de,
De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 8 Iúil 2019[3], an 16 Meán Fómhair 2019[4] agus an 8 Samhain 2019[5], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán mar chomhalta i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Alex HOOSHIAR as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag an eagraíocht fostóirí BusinessEurope don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.
[2] IO C 136, 12.4.2019, lch. 6.
[3] IO C 232, 10.7.2019, lch. 5.
[4] IO C 316, 20.9.2019, lch. 3.
[5] IO C 385, 13.11.2019, lch. 6.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Sigrid LUNDETOFT CLAUSEN ina comhalta de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna in ionad Alex HOOSHIAR ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán